# Curaclam Matamaitice na Bunscoile

## Patrúin, rialacha agus coibhneasa

| | Céim 1 (Naíonáin Bheaga agus Mhóra) | Céim 2 (Rang a hAon agus a Dó) | Céim 3 (Rang a Trí agus a Ceathair) | Céim 4 (Rang a Cúig agus a Sé) |
|---|---|---|---|---|
| | *Trí eispéiris chuí foghlama spraíúla agus tharraingteacha, ba cheart go mbeadh an páiste in ann* | | | |
| **Torthaí Foghlama** | patrúin agus seichimh a fhiosrú, a leathnú agus a chruthú. | coibhneasa i bpatrúin a shainaithint agus a chur in iúl, lena n-áirítear patrúin chrutha atá ag fás nó ag laghdú agus seichimh uimhreacha. | na rialacha a shainaithint a dhéanann cur síos ar struchtúr an phátrúin agus na rialacha seo a úsáid chun tuartha a dhéanamh.<br><br>na coibhneasa idir cáinníochtaí a léiriú. | ginearálaithe a shainaithint, a mhíniú agus a chur i bhfeidhm, lena n-áirítear na hairíonna a bhaineann le hoibríochtaí, samhlacha matamaiticiúla agus patrúin.<br><br>struchtúir mhatamaiticiúla a chur i láthair ar roinnt bealaí, lena n-áirítear léirithe ó bhéal, léaráidí, agus léirithe siombalacha. |
| **Coincheapa matamaiticiúla** | Is socrú gnéithe é patrún a eagraítear de réir struchtúr nó riail atá sainmhínithe. | Is athrú comhsheasmhach agus intuartha é athrú cainníochtúil maidir le patrúin fásta agus laghdaithe. | Is féidir na léirithe a úsáid, chun caidrimh a léiriú agus a iniúchadh idir na cainníochtaí. | Is féidir cur síos gonta a dhéanamh ar struchtúr pátrúin, nó ar airí na n-oibríochtaí trí shlonn matamaiticiúil, mar shampla, an t-airí cómhalartach: a+b=b+a. |
| | Is liosta rudaí nó gníomhaíochtaí é seicheamh a leanann a chéile de réir oird. | Is féidir linn cur síos a dhéanamh ar struchtúr patrúin atá ag méadú nó atá ag laghdú, in abairtí focal nó in uimhir-abairtí, agus ár gcur síos a úsáid chun téarmaí sa todhchaí a thuar. | Tá léiriú ar chásanna lena n-áirítear patrúin i bhfocail, in uimhir-abairtí, i léaráidí agus i ngraif úsáideach chun fadhbanna a réiteach nó chun luachanna a fháil amach le haghaidh imeachtaí neamhaithnide nó imeachtaí sa todhchaí. | Is féidir úsáid a bhaint as gnáthshuíomh saoil ag baint úsáid as focail nó siombailí chun fadhbanna a réiteach nó chun luachanna a fháil amach le haghaidh imeachtaí neamhaithnide nó imeachtaí sa todhchaí. |
| | Is patrúin agus seichimh iad seo do ghnáthaimh agus imeachtaí laethúla agus is féidir tuartha a dhéanamh bunaithe orthu sin. | Agus duine ag fiosrú struchtúr na bpatrún atá ag méadú nó ag laghdú, tá sé úsáideach a fháil amach an méid atá ag athrú agus an méid atá ag fanacht mar atá. | Tá seicheamh geoiméadrach d'uimhreacha bunaithe ar iolrú nó ar roinnt. Faightear gach uimhir leantach ach an uimhir roimhe sin a iolrú leis an iolraitheoir coitianta. | Is uimhir iomlán é slánuimhir a d'fhéadfadh a bheith dearfach, diúltach nó ina náid. |
| | Déantar patrúin athfhillteacha d'aonaid athfhillteacha agus níl gnéithe randamacha iontu. | Ciallaíonn airí cómhalartach an tsuimithe gur féidir ord na n-uimhreacha a athrú agus faightear an t-iomlán céanna. | Deir an t-airí comhthiomsaitheach nuair a shuimítear nó a iolraítear trí uimhir nó níos mó nach n-athríonn an tsuim ná an toradh beag beann ar an mbealach ina ngrúpáiltear na huimhreacha. | Is féidir slánuimhreacha a léiriú i bhfoirm chaighdeánach, easpónantúil nó is féidir iad a scríobh mar thoradh d'fhachtóirí. |
| | Is éard is brí le hairí suimithe agus dealaithe nialais, nuair a shuimítear náid le huimhir, nó nuair a dhealaítear náid ó uimhir, ní athraíonn sé an uimhir. | Is féidir airíonna na n-oibríochtaí (m.sh. náid, cómhalartach) agus patrúin a úsáid chun fíorais uimhris a fháil amach nach bhfuil ar eolas againn bunaithe ar na fíorais uimhris atá ar eolas againn. Cuimsítear leis na samplaí: dúbailtí agus neasdúbailtí, inbhéartaí, suimiú 10, corruimhreacha agus ré-uimhreacha. | Ciallaíonn airí dáileach gur féidir cothromóidí iolraithe agus roinnte casta a shimpliú ach ceann (i gcás na rannainne) nó an péire a bhriseadh síos isteach i gcodanna beaga. | Faightear uimhir chearnach nuair a iolraítear slánuimhir faoi féin. Sainaithníonn fréamh chearnach d'uimhir an méid a chaithfear a chearnú chun an uimhir a fháil. |
| | | Insíonn patrúin uimhriúla an scéal faoi chaidrimh idir méideanna. Is féidir an caidreamh idir gnéithe i bpatrún a léiriú ach úsáid a bhaint as abairtí focal nó uimhir-abairtí. | | |